Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7369/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0037 (NLE)**

**PECHE 90**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad |

**RIALACHÁN (AE) .../2022 ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle[1] socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

(2) An 21 Nollaig 2021, tháinig an tAontas ar chomhaontú leis an Ríocht Aontaithe maidir le líon mór gabhálacha iomlána is incheadaithe (TACanna) a shocrú le haghaidh 2022 le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe (TCA)[2]. Rinneadh toradh na gcomhairliúchán a dhoiciméadú sa Taifead i Scríbhinn, a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 21 Nollaig 2021 agus a shínigh Ceann Toscaireachta na Ríochta Aontaithe agus ionadaí an Choimisiúin thar ceann an Aontais an lá céanna, i gcomhréir le hAirteagal 498(6) TCA agus Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle[3].

---

[1] Rialachán (AE) 2022/109 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 21, 31.1.2022, lch. 1).

[2] Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, 30.4.2021, lch. 10).

[3] Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6).

(3) Is toradh é an Taifead i Scríbhinn ar chomhairliúcháin a rinne an tAontas leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 498(2), Airteagal 498(4), pointí (a) go (d), agus Airteagal 498(6) TCA , leis na cuspóirí agus na prionsabail a leagtar amach in Airteagail 2, 3, 28 agus 33 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Airteagail 4 agus 5 de Rialachán (AE) 2019/472[2] agus Rialachán 2018/973[3] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Cinneadh (AE) 2021/1875. Bunaíodh seasamh an Aontais le linn na gcomhairliúchán maidir leis an gcomhairle eolaíoch is fearr dá raibh ar fáil arna soláthar ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) i gcomhréir le hAirteagal 494(3), pointe (c), TCA.

(4) Is gá, dá bhrí sin, na TACanna sealadacha a bunaíodh le Rialachán (AE) 2022/109 a ionadú i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh sa Taifead i Scríbhinn agus bearta eile a chur chun feidhme a bhaineann go feidhmiúil leis na deiseanna iascaireachta a bunaíodh sa Taifead i Scríbhinn freisin.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354 an 28.12.2013, lch. 22).

[2] Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic éisc in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83 an 25.3.2019, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179 an 16.7.2018, lch. 1).

(5) Le deiseanna iascaireachta den sórt sin le haghaidh 2022, déanfar foráil do ghníomhaíochtaí iascaireachta fadtéarmacha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, arna mbainistiú leis an aidhm tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach agus rannchuidiú le hinfhaighteacht soláthairtí bia, lena n-áirítear cothrom iomaíochta a chur chun cinn d'oibreoirí an Aontais i gcás ina roinntear stoic leis an Ríocht Aontaithe.

(6) Tá stoic áirithe ann dár eisigh ICES, agus measúnú á dhéanamh aici orthu in aghaidh na huastáirgeachta inbhuanaithe (MSY), comhairle eolaíoch gan iad a ghabháil in aon chor. Dá mbunófaí TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a léirítear sa chomhairle eolaíoch sin, thiocfadh feiniméan an 'tachtspeicis' chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil in uiscí an Aontais agus uiscí na Ríochta Aontaithe araon, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, a thabhairt i dtír. Chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá leanúint leis an iascach measctha sin i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann dá mbeadh briseadh iomlán san iascach sin agus an gá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc an tráth céanna in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur iomchuí le haghaidh na stoc sin TACanna sonracha a bhunú maidir le foghabhálacha. Ba cheart na TACanna sin a shocrú ar leibhéal a dhéanann ráta básmhaireachta na stoc sin a laghdú agus a sholáthraíonn dreasachtaí chun an roghnaíocht agus an tseachaint a fheabhsú. Ba cheart leibhéil na ndeiseanna iascaireachta maidir leis na stoic sin a bhunú i gcomhréir leis an Taifead i Scríbhinn chun cothrom iomaíochta a áirithiú d'oibreoirí an Aontais agus foráil á dhéanamh maidir le téarnamh suntasach bhithmhais na stoc sin.

(7) Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic áirithe langa gorm (BLI/12INT, BLI/24, BLI/03A), trosc (COD/5BE6A, COD/7XAD34), scadán (HER/7G-K), agus faoitín (WHG/07A) faoi bhun na bpointí tagartha teorann i dtaca le bithmhais ($B_{lim}$), chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa Taifead i Scríbhinn go bhfuil sé riachtanach nach gcuirfidh na Ballstáit Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i bhfeidhm maidir leis na stoic sin i gcás aistrithe ó 2021 go 2022 ionas nach rachaidh gabhálacha in 2022 thar an TAC a bunaíodh le haghaidh na stoc sin. Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe freisin go mbeadh an rud céanna i bhfeidhm maidir le stoc fíogach gobach (DGS/15X14), ar speiceas toirmiscthe é faoi Airteagal 18(1), pointe (o) de Rialachán (AE) 2022/109.

(8) D'fhéach an tAontas i dteannta na Ríochta Aontaithe leis an leibhéal is airde cóineasaithe a aimsiú i gcur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, lena n-áirítear díolúintí *de minimis* agus inmharthanachta, chun a áirithiú go gcloífear le cuspóirí caomhnaithe agus le cothrom iomaíochta. Leis na deiseanna iascaireachta a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe le haghaidh stoic speiceas a bhfuil feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ina leith, cuirtear san áireamh nach gceadaítear aischur i bprionsabal a thuilleadh. Na méideanna a bhféadfar, mar eisceacht, leanúint de bheith á n-aischur le linn oibriú na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, rinneadh iad a asbhaint dá bhrí sin ón bhfigiúr a leagtar amach sa chomhairle le haghaidh gabhálacha iomlána arna soláthar ag ICES.

(9) Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe leanúint den chur chuige a forbraíodh chun an stoc tuaisceartach de dhoingean mara na hEorpa (*Dicentrarchus labrax*) a chaomhnú, mar a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/92[1]. De réir an chur chuige sin, tá an brú foriomlán iascaireachta ar an stoc le fanacht faoi bhun an bhrú iascaireachta ina iomláine a mhol ICES nó comhionann leis. Dá bhrí sin, ba cheart leanúint de bhearta maidir le teorainn ar ghabhálacha a bhunú le haghaidh 2022 don stoc sin i ranna 4b, 4c, 7a, agus 7d go 7h ICES. I bhfianaise na comhairle a chuir ICES ar fáil, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe méadú ar na teorainneacha gabhála le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta ina n-úsáidtear duáin agus doruithe, agus eangacha geolbhaigh seasta. Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe freisin athrú ó theorainneacha míosúla go teorainneacha démhíosúla maidir le tráil agus saighní. Chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe tús áite a thabhairt freisin d'fheabhas a chur ar uirlis mheasúnaithe ICES le haghaidh doingin mara Eorpach chun ríomhanna réamh-mheasta a cheadú ar bhonn shamhlacha na huastáirgeachta inbhuanaithe. D'aontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe thairis sin gur gá na bearta maidir le teorainn ar ghabhálacha atá ann cheana a choinneáil ar bun, ar bearta iad is infheidhme maidir le hiascaireacht áineasa. Ós rud é go bhfuil teorainneacha ar ghabhálacha le haghaidh na bliana iomláine á gcur in ionad na dteorainneacha ar ghabhálacha sealadacha anois, ba cheart an tréimhse ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2022 a chumhdach leis na bearta ábhartha maidir le teorannacha ar ghabhálacha.

---

1 Rialachán (AE) 2021/92 ón gComhairle an 28 Eanáir 2021 lena socraítear le haghaidh 2021 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 31, 29.1.2021, lch. 31).

(10) Foráiltear le Rialachán (AE) 2022/109 maidir le tréimhsí coiscthe séasúracha 2022 a thar-rolladh le haghaidh iascaigh corr gainimh (*Ammodytes* spp.) ina n-úsáidtear trealamh tarraingthe áirithe i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES. Ós rud é go ndéanfar TAC cinntitheach le haghaidh na bliana iomláine a chur in ionad an TAC shealadaigh, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2022, ba cheart an tréimhse ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2022 a chumhdach freisin sa tréimhse choiscthe is infheidhme.

(11) I Rialachán (AE) 2022/109, socraíodh ag nialas teorainneacha an TAC maidir le corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES go dtí go bhfoilseofaí an chomhairle eolaíoch ábhartha, comhairle a sholáthair ICES agus a cuireadh ar fáil an 25 Feabhra 2022. I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear i TCA, chuaigh an tAontas i mbun comhairliúcháin dhéthaobhacha leis an Ríocht Aontaithe maidir le leibhéal na ndeiseanna iascaireachta le haghaidh corra gainimh i ranna 2a agus 3a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES do 2022. Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú maidir le gabháil iomlán is incheadaithe de 167 558 dtona, a bheidh le dáileadh i ngach ceann de sheacht limistéar bainistíochta na gcorr gainimh. Tháinig an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar chomhaontú freisin maidir le faireachán a dhéanamh ar TACanna i limistéir bhainistíochta 1r agus 4, agus leanúint leis na fonótaí ina gcuirtear céatadáin foghabhála maidir le faoitíní agus gabhálacha ronnach. Ina theannta sin, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe gur cheart feidhm a bheith, ar leibhéal an limistéir bhainistíochta, ag an gcleachtas cuótaí nár úsáideadh idir na blianta a thaisceadh. Ar deireadh, i gcás corra gainimh i limistéar bainistíochta 4 (SAN/234_4), d'aontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sa bhreis air sin nach féidir níos mó ná 800 tona de chuóta neamhúsáidte a leithdháileadh do 2021 a iascach in 2022.

(12) Foráiltear le Rialachán (AE) 2022/109 do dheiseanna iascaireachta don scadán (*Clupea harengus*) sa Mhuir Thuaidh in 2022. Ba cheart na deiseanna iascaireachta sin a choigeartú chun iad a thabhairt i gcomhréir le scála cionroinnte stairiúil na Sualainne mar atá leagtha amach in Airteagal 121(1) den Ionstraim a bhaineann le coinníollacha aontachais Ríocht na Sualainne leis an Aontas Eorpach[1], arna mhodhnú le Cinneadh 95/1/CE, Euratom, ECS ón gComhairle[2].

(13) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2022/109 TAC sealadach i gcomhair ainseabhaithe (*Engraulis encrasicolus*) i bhfolimistéar 8 ICES a mbeidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2022, ag fanacht le comhairle eolaíoch a bheith ar fáil. Chuir ICES an chomhairle eolaíoch ar fáil maidir leis an stoc sin le haghaidh 2022 an 17 Nollaig 2021. Ba cheart, dá bhrí sin, TAC an stoic sin le haghaidh 2022 a leasú i gcomhréir leis an gcomhairle sin.

(14) Le Rialachán (AE) 2022/109, bunaíodh cuóta sealadach de chuid an Aontais, don chéad ráithe in 2022, dar méid 4 500 tona le haghaidh cabhlaigh de chuid an Aontais a mbíonn an trosc (*Gadus morhua*) á iascaireacht acu in uiscí Svalbard. Ós rud é go bhfuil an plé ar siúl go fóill leis an Iorua maidir le rochtain chomhionann neamh-idirdhealaitheach ar uiscí Svalbard a bheith ag cabhlaigh de chuid an Aontais a mbíonn an trosc á iascaireacht acu sa limistéar sin, is iomchuí go ndéanann an tAontas tréimhse chur i bhfeidhm an chuóta Aontais sin de 4 500 tona a shíneadh go dtí 30 Aibréan 2022.

---

[1] An Ionstraim a bhaineann le coinníollacha aontachais Ríocht na hIorua, Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne agus oiriúnuithe na gConarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe, (IO C 241, 29.8.1994, lgh. 9.

[2] Cinneadh 95/1/CE Euratom, ECS ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 1 Eanáir 1995 ag oiriúnú na n-ionstraimí i dtaobh aontachas Ballstát nua leis an Aontas Eorpach (IO L 1, 1.1.1995, lch. 1).

(15) Rinne Meitheal an Coimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT), a bhí tiomanta do scála cionroinnte a bhunú ar leibhéal ICCAT, cuóta an Aontais do thuinnín colgach na Meánmhara (*Thunnus alalunga*) a chinneadh go sealadach an 10 Feabhra 2022, de réir mhír 3 de Mholadh 21-06 ICCAT, agus beidh sé faoi réir a fhormhuinithe ag ICCAT ag an gcruinniú bliantúil a bheidh aici in 2022. Ba cheart cuóta an Aontais do thuinnín colgach na Meánmhara agus dá leithdháileadh inmheánach a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ina theannta sin, thug an tAontas fógra do ICCAT faoi na roghanna a rinne sé maidir le tréimhsí coiscthe agus bliain tagartha i ndáil leis an teorannú acmhainne atá le cur i bhfeidhm maidir le hiascach an Aontais le haghaidh thuinnín colgach na Meánmhara. Ba cheart na roghanna sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(16) Tá teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais don tuinnín gorm (*Thunnus thynnus*) i limistéar Choinbhinsiún ICCAT agus uas-ionchur agus uas-acmhainn d'fheirmeacha tuinnín ghoirm bunaithe ar fhaisnéis arna cur ar fáil sa phlean iascaireachta bliantúil, sa phlean bainistíochta bliantúil maidir le hacmhainn agus sa phlean bainistíochta feirmeoireachta don tuinnín gorm. Tarchuireann na Ballstáit na pleananna sin chuig an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Tuairiscíonn an Coimisiún ansin an iarracht iascaireachta agus an t-uasacmhainn ionchuir agus feirmeoireachta chuig Rúnaíocht ICCAT trí phlean bainistíochta iascaireachta agus acmhainne an Aontais le go bpléifidh agus go bhformheasfaidh ICCAT iad. An 3 Márta 2022, d'fhormhuinigh ICCAT plean bainistíochta an Aontais maidir le hiascaireacht agus acmhainn. Ba cheart an iarracht iascaireachta agus an t-uasacmhainn ionchuir agus feirmeoireachta atá sa phlean sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

---

[1] Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle (IO L 252, 16.9.2016, lch. 1).

(17) Bunaíodh na cuótaí do Bhallstáit aonair maidir le stoic áirithe ar bhonn chuóta iomlán an Aontais do 2022 arna chinneadh ag ICCAT sular tugadh anonn aon chuóta nár úsáideadh. Rinneadh cuóta an Aontais maidir le deiseanna iascaireachta do na stoic sin a choigeartú le linn chruinniú bliantúil ICCAT i Samhain 2021 i gcomhréir le roinnt moltaí ó ICCAT faoina gceadaítear don Aontas, arna iarraidh sin, céatadán socraithe dá chuóta deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh ó 2020 go dtí 2022. Agus cuótaí maidir leis na stoic áirithe sin do Bhallstáit aonair á socrú, ba cheart, roimh thús shéasúir iascaireachta na stoc sin, cuótaí neamhúsáidte de chuid an Aontais arna gceadú ag ICCAT a chur san áireamh. Dá bhrí sin, chun an coigeartú sin a léiriú, ba cheart, agus prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta á chur san áireamh, na cuótaí a leasú don tuinnín colgach thuaidh (*Thunnus alalunga*) (ALB/AN05N), don tuinnín colgach theas (ALB/AS05N), don tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach (BET/ATLANT), don cholgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, ó thuaidh ó 5° T (SWO/AN05N) agus don cholgán san Aigéan Atlantach, ó dheas ó 5° T (SWO/AN05N). Ina theannta sin, ba cheart bearta áirithe a bhfuil baint fheidhmiúil acu leis na deiseanna iascaireachta a choinneáil ar bun chun gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a urramú.

(18) Ba cheart na huimhreacha i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI de Rialachán (AE) 2022/109 a leasú chun na comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích idir Ballstát áirithe a léiriú chun méideanna áirithe d'ionchuir agus acmhainneacht feirmeoireachta tuinnín ghoirm a aistriú go sealadach eatarthu féin, go heisiach don bhliain 2022. Cuireadh na hathruithe sin in iúl do ICCAT i bplean feirmeoireachta an Aontais agus ní dhéanann siad difear d'acmhainneacht feirmeoireachta iomlán ná d'acmhainneacht ionchuir iomlán an Aontais i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

(19) Ag an 10ú cruinniú bliantúil dá chuid in 2022, ghlac an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) teorainneacha gabhála le haghaidh bolmán (*Trachurus murphyi*) agus choinnigh sí iascaigh thaiscéalaíocha le haghaidh déadiasc (*Dissostichus spp*.). Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(20) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2021, d'athbhreithnigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a glacadh roimhe sin. Le Rialachán (AE) 2022/109, cuireadh na bearta sin chun feidhme cheana i ndlí an Aontais, seachas do na teorainneacha gabhála athbhreithnithe i gcás tuinnín buí (*Thunnus albacares*). Dheimhnigh Rúnaíocht IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh) na teorainneacha gabhála athbhreithnithe do thuinnín buí an 17 Nollaig 2021 tar éis dheireadh na tréimhse agóide. Níl na teorainneacha gabhála athbhreithnithe teoranta a thuilleadh do bháid peas-saighne, agus áirítear leo anois gach trealamh atá i gceist in iascach an tuinnín bhuí. Ba cheart na teorainneacha gabhála athbhreithnithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ós rud é nár thángthas ar chomhaontú i measc na mBallstát lena mbaineann ar an mbealach is iomchuí chun na teorainneacha gabhála athbhreithnithe a roinnt, níor cheart ach an chuid tosaigh de chuóta an Aontais a shannadh agus ba cheart an chuid eile a shannadh trí leasú ina dhiaidh sin ar Rialachán (AE) 2022/109 ach a mbainfear amach comhaontú idir na Ballstáit sin.

(21) D’fhonn speicis áirithe a chosaint ón iascaireacht, chomhaontaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe liostaí na speiceas toirmiscthe atá ann cheana a choinneáil ar bun.

(22) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2022/109 a leasú dá réir.

(23) Tá feidhm ag na teorainneacha gabhála dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2022/109 ón 1 Eanáir 2022. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na forálacha arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo ón dáta sin freisin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná don phrionsabal i dtaobh ionchais dhlisteanacha a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad. I bhfianaise na práinne atá le briseadh ghníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo teacht i bhfeidhm an dáta tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 7;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

*'Airteagal 11*
*Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES*

1. Beidh toirmeasc ar shoithí iascaireachta de chuid an Aontais, agus ar aon iascach tráchtála ón gcladach, iascaireacht a dhéanamh ar an doingean mara Eorpach (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 4b agus 4c ICES agus i bhfolimistéar 7 ICES nó ar dhoingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír.

2. Ní bheidh feidhm ag an toirmeasc a leagtar amach i mír 1 maidir le foghabhálacha doingean mara i ngníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh. Baineann an díolúine sin le líon stairiúil na líonta trá a socraíodh ar na leibhéil a bhí ann roimh 2017. Ní bheidh gníomhaíochtaí gabhála tráchtála cois cladaigh dírithe ar an doingean mara agus ní fhéadfar ach foghabhálacha dosheachanta doingean mara a thabhairt i dtír.

3. De mhaolú ar mhír 1, in Eanáir 2022 agus ón 1 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2022 féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i ranna 4b, 4c, 7d, 7e, 7f agus 7h ICES doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin leis an trealamh seo a leanas agus laistigh de na teorainneacha seo a leanas a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a athlonnú nó a thabhairt i dtír:

(a) agus úsáid á baint as tráil ghrinnill[1], le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 760 cileagram in aghaidh an dá mhí féilire (Eanáir agus Aibreán; Bealtaine agus Meitheamh; Iúil agus Lúnasa; Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair; Samhain agus Nollaig) agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord a ghabh an soitheach lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

(b) agus úsáid á baint as saighní[2], le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 760 cileagram in aghaidh an dá mhí féilire (Eanáir agus Aibreán; Bealtaine agus Meitheamh; Iúil agus Lúnasa; Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair; Samhain agus Nollaig) agus 5 % de mheáchan ghabhálacha iomlána na n-orgánach muirí ar bord a ghabh an soitheach lena mbaineann in aghaidh an turais iascaireachta;

(c) agus úsáid á baint as duáin agus doruithe[3], nach mó ná 5,95 tona in aghaidh an tsoithigh;

(d) agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta[4], le haghaidh foghabhálacha dosheachanta nach mó ná 1,5 tona in aghaidh an tsoithigh.

---

[1] Gach cineál tráil grinnill (OTB, OTT, PTB, TBB, TBN, TBS agus TB).

[2] Gach cineál saighne (SSC, SDN, SPR, SV, SB agus SX).

[3] Gach iascach spiléir nó gach iascach cleithe agus dorú nó gach iascach slaite agus dorú (LHP, LHM, LLD, LL, LTL, LX agus LLS).

[4] Gach eangach gheolbhaigh sheasta agus gach gaiste (GTR, GNS, GNC, FYK, FPN agus FIX).

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (c) maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as duáin agus doruithe i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

Beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach sa chéad fhomhír, pointe (d), maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais a thaifead gabhálacha doingean mara Eorpach agus úsáid á baint as eangacha geolbhaigh seasta i gcaitheamh na tréimhse ón 1 Iúil 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

I gcás ina ndéanfar soitheach iascaireachta de chuid an Aontais a ionadú, féadfaidh na Ballstáit a cheadú go mbeidh feidhm ag na maoluithe sin maidir le soitheach iascaireachta eile de chuid an Aontais ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar líon na soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá faoi réir gach ceann de na maoluithe ná ar a n-acmhainneacht fhoriomlán iascaireachta.

4. Ní bheidh na teorainneacha gabhála a leagtar amach i mír 3 inaistrithe idir soithí ná, i gcás ina mbeidh feidhm ag teorainn dhémhíosúil, ó thréimhse 2 mhí féilire amháin go ceann eile.

I gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhaineann úsáid as níos mó ná trealamh amháin in 2 mhí féilire, beidh feidhm ag an teorainn ghabhála is ísle a leagtar amach i mír 3 le haghaidh aon cheann de na trealaimh.

Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún maidir le gach gabháil de dhoingin mhara Eorpacha de réir an chineáil trealaimh tráth nach déanaí ná 15 lá tar éis dheireadh gach míosa.

5. In iascaigh áineasa, lena n-áirítear iascach ón gcladach, i ranna 4b, 4c, 6a agus 7a go dtí 7k ICES:

(a) ón 1 Eanáir go dtí an 28 Feabhra 2022 agus ón 1 go dtí an 31 Nollaig 2022:

(i) ní cheadófar ach iascaireacht gabh agus scaoil le slat nó le dorú láimhe ar an doingean mara Eorpach;

(ii) toirmiscfear na doingin mhara Eorpacha a ghabhfar sa limistéar sin a choinneáil, a athlonnú, a thrasloingsiú, nó a thabhairt i dtír;

(b) ón 1 Márta go dtí an 30 Samhain 2022:

(i) ní fhéadfar níos mó ná dhá eiseamal den doingean mara Eorpach a ghabháil agus a choinneáil in aghaidh an iascaire in aghaidh an lae;

(ii) is é 42 cm íosmhéid na ndoingean mara Eorpach a choinneofar le linn na tréimhse sin;

(iii) ní úsáidfear líonta éighníomhacha chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil ná a choinneáil.

6. Beidh mír 5 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 15:

*'Airteagal 15*

*Séasúir coiscthe iascaireachta le haghaidh corra gainimh*

Toirmeascfar iascaireacht tráchtála a dhéanamh ar chorra gainimh (*Ammodytes* spp.) le trál grinnill, saighní nó trealaimh tharraingthe chomhchosúla ag a bhfuil mogallmhéid is lú ná 16 mm i ranna 2a agus 3a agus in ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta 2022 agus ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig 2022.';

(4) in cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 d'Airteagal 31:

'4 Uaslíon trí shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná deich soitheach peas-saighne a bheidh sa líon soithí soláthair, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.';

(5) leasaítear Iarscríbhinn IA, i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) leasaítear Iarscríbhinn IB i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo;

(7) leasaítear Iarscríbhinn IC i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(8) leasaítear Iarscríbhinn ID i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) cuirtear an téacs atá in hIarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IH;

(10) cuirtear an téacs atá in hIarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn IJ;

(11) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo;

(12) leasaítear Iarscríbhinn VI, i gcomhréir le hIarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*